



Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Coláiste Ghobnatan

Baile Mhic Íre
Contae Chorcaí
Fón (026) 45058
Fax (026) 45755
R-Phost: oifig@colaisteghobnatan.ie

7ú Lúnasa 2019

A Dhaoine Uaisle (Daltaí Ardteiste 2018-2019 agus a dTuismitheoirí),

Beatha agus Sláinte chugaibh.

Tá an t-am ag eitilt is léir agus anois tá radharc againn go léir ar na torthaí an tseachtain seo chugainn.

Mar eolas:

- Beidh na torthaí ag teacht amach ar an **Máirt 13ú Lúnasa**.
- Beidh mé anseo sa scoil óna 9.30-12 ach is féidir teacht orthu ar líne óna 10.00 r.n.: [anseo](#).
- Beidh deis agat féachaint ar na scrípteanna ar an 20/21ú Lúnasa má tá athchomharc á lorg agat ag an bpointe sin.
- Na dearmad an [Leabhrán Eolais don Iarrthóir](#) [Leagan Béarla](#) ina bhfuil an t-eolas go léir faoin bpróiseas agus na dátaí cuí.
- Cuirim i gcuimhne daoibh arís go bhfuil an sprioclá do Ghradam Comhar. Creidmheasa Mhaighchromtha, luach €1000, ag druidim linn – 24ú Lúnasa. Caithfeá a bheith i láthair ar an lá chun an duais a bhuachaint.

Idir an dá linn, fan socair agus beidh an luach saothair romhat ar an Máirt.

Is mise, le meas,

Toirdealbhach Ó Lionáird

Príomhoide